

Nótaí an Mhúinteora: Tógáil le Fabraic & Snáithín

le Una Kelly

Gníomhaíochtaí Breise

Naíonáin

Fiosrú a dhéanamh ar fhéidearthachtaí fabraice agus snáithín mar mheán don chur in iúl samhlaíoch (leathanach curaclaim 23)

Iarrtar ar leanaí amharc ar an gcuid tosaigh den fhístéip, mar a bhfuil ainmhithe ag cruthú struchtúr, neadacha éin, srl. Féadfaidh leanaí óga ainmhí a phiocadh agus a gcuid samhlaíochta a úsáid chun struchtúr an ainmhí nó an chréatúir sin a athchruthú i 3-T mar a chonaic siad é san fhístéip, ag úsáid snáithíní agus téada atá ar fáil. Níl sé i gceist go mbeadh na naíonáin ag fuáil, ach ag greamú na struchtúir le chéile le gliú nó téip nó á bhfillleadh. Is féidir é seo a dhéanamh ag obair i mbeirteanna.

Ranganna a hAon agus a Dó

Déan píosaí beaga airgtheacha le fabraic agus snáithín (curaclam leathanach 40)

Bainfidh an aoisghrúpa seo taitneamh as píosa beag fabraice a mhaisiú; tá heiseán de mhéid A4 nó níos lú an-oiriúnach. D'fhéadfaí é a dhathú roimh ré le dathanna uisce fuar. Féach ar an gcuid tosaigh den fhístéip faoi eitleoga, scamail ar foluain, agus líonta damháin alla. Stop an fhístéip ag do rogha cuid. Priontáil an chuid seo. Féach go cúramach ar na línte san íomhá. Déan do líníocht féin de seo. Maisigh do heiseán anois, bunaithe go garbh ar an íomhá seo, ag úsáid cibé snáithíní atá ar láimh, olann, téad agus ribín bláthadóra. Is féidir le leanaí den aois seo snáthaid táipéise a úsáid go héasca chun an-stiúir a fháil ar an snáithín agus píosa iontach airgtheach a chruthú. Gléas ar pháipéar dubh é agus cuir ar taispeáint é. Bí ag caint faoi mar a chonaic tú é ar an bhfístéip.

Ranganna a Trí agus a Ceathair

Déan bréagáin bhoga, le béim ar indibhidiúlacht agus éagsúlacht (curaclam leathanach 58)

D'fhéadfadh leanaí níos sine radharc as an chuid tosaigh den fhístéip a roghnú faoi nithe atá ar foluain, balúin, scamail, foichí, beacha, nó cibé rud a smaoiníonn siad air. Lig do na leanaí a n-ábhar féin a roghnú. Is é an rud atá i gceist rud 3-T líonta nó stuáilte a dhéanamh as fabraic agus snáithín bunaithe ar rud a roghnaíodh as an fhístéip. Úsáid blúiríní gearrtha fabraic, agus cuir ag smaoiniamh ar phatrún páipéir a dhéanamh ar dtús, ansin é a úsáid chun cruth a ghearradh amach san fhabraic, agus an patrún páipéir a chur chomh gar d'imeall na fabraice agus is féidir chun diomailt a sheachaint. Ag an aois seo, spreagfaí na leanaí chun tosú ar bhréagáin bhoga a fhuáil le chéile go simplí. D'fhéadfaí iad a chruthú mar mhóibílí le taispeáint.

Ranganna a Cúig agus a Sé

Déan bréagáin shimplí carachtair (curaclam leathanach 76)

Féach ar an gcuid den fhístéip a thaispeánann na puipéid. Féach ar an sonraíocht, sna haghaidheanna agus sna héadaí. Déan do phuipéad láimhe féin agus gléas é in éadaí oiriúnacha. Cruthaigh amharclann anois do do chuid puipéid, le cárta, fabraic agus é maisithe le hábhair ar bith atá ar fáil. Mar bhuille scoir, tagaigí le chéile chun dráma a scríobh agus a léiriú.

Rannóg Scileanna

- Na céimeanna atá i gceist le puipéad bunaithe ar pháipéar brúite agus ar théip chumhdaigh a chruthú.
 - Tógáil an chinn
 - Gnéithe a chur leis
 - Corp fabraice a ghearradh amach
 - Lámha a ghearradh amach
 - An ceann a phéinteáil
 - Gruaig snáithíní a chur leis
 - Na gnéithe maisiúla deiridh a chur leis
 - An puipéad ag gluaiseacht ar an lámh
- Céimeanna i bhfillleadh fabraice le sreang corntha nó a mhalairt, móide samplaí de phíosáí críochnaithe teibí.
- Snaidhmeanna simplí céim ar chéim, snaidhm dhúbailte, ag cur dhá phíosá snáithín le chéile.

Féidearthachtaí TCF:

1) Cluiche timfhillte: Tabhair líne ar shiúlóid ar an scáileán. Gliogáil anois ar an deilbhín 'fillteán' agus féach mar a bhíonn an líníocht líne ceangailte i gcorna olla. Cuir dath leis. Rothlaigh an t-earra corntha go bhfeicfidh tú cén chuma atá air ó uillineacha éagsúla. An bhfeiceann tú an scáil a chruthódh sé? Brúigh ar an deilbhín scáile go bhfeice tú é.

2) Cluiche Christo: Roghnaigh séadchomhartha cáiliúil domhanda, Túr Eiffel, agus fill suas é mar a dhéanfadh Christo.

3) Cluiche roiste agus cniotála: Roghnaigh éadach cniotáilte. Brúigh an cnaipe roiste agus tarraing an luch chun an t-éadach cniotáilte a roiseadh pé áit is mian leat. Líon na poill anois le patrúin dhifriúla cniotáilte as an 20 patrún atá ar fáil. Dean d'éadach cniotáilte féin a dhearadh anois.

4) Cluiche na bpuipéad scáile: Láimhsigh puipéid scáile 2-T ar an scáileán chun scéal a chum tú féin a insint. Priontáil príomhchéimeanna an scéil amach. Cuir do chruthúnas ar taispeáint.

Ealaíontóirí Ábhartha:

1. Cathy Prendergast
2. Alice Maher
3. Cathy Owens
4. Alanna O'Kelly
5. Magdalena Abakanowicz
6. Christo
7. Andy Warhol, scamail ar foluain